C/2025/648

10.2.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Eanáir 2025

lena leagtar síos conair ghlanchaiteachais na hÍsiltíre

(C/2025/648)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Tháinig creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe de chuid an Aontais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach ([1]), mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme ([2]), agus le Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát ([3]), is príomhghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad. Is é is aidhm don chreat airgeadas poiblí atá fónta inbhuanaithe, mar aon le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht, a chur chun cinn trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Lena chois sin, cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma agus tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí na rialacha i gceist leis.

(2) Tá na pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin i gcroílár an chreata nua rialachais eacnamaíoch. Ba cheart dhá chuspóir a bhaint amach leis na pleananna: (i) faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a áirithiú, *inter alia*, go mbeidh fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus (ii) a áirithiú go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Chuige sin, ba cheart gealltanas meántéarmach maidir le conair ghlanchaiteachais ([4]) a chur isteach i ngach plean, lena mbunaítear go héifeachtach sriantacht buiséid ar feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar ghnáth-théarma an reachtais i mBallstát). Ina theannta sin, ní mór míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, más infheidhme), agus ar an gcaoi a dtabharfar aghaidh sa phlean ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, cumhdaítear tréimhse 4 bliana, tréimhse a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263.

(3) Tar éis thíolacadh an phlean, déanfaidh an Coimisiún measúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj).

([3]) Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

([4]) Glanchaiteachas, mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263, is é sin caiteachas rialtais atá glan: (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(4) De réir Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2024/1263, agus an measúnú á chur san áireamh agus bunaithe ar mholadh ón gCoimisiún, molfaidh an Chomhairle don Bhallstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta athbhreithnithe a chur isteach má mheasann sí nach gcomhlíonann an plean na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16(2), (3) agus (5) den Rialachán sin.

(5) I gcás nach gcuirfidh an Ballstát plean athbhreithnithe isteach laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2024/1263 nó nach gcomhlíonfaidh an plean athbhreithnithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16(2), (3) agus (5) den Rialachán sin, ba cheart don Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh chun conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 19 agus, i gcás inarb infheidhme, an tacar gealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh a fhormhuiniú.

NA BREITHNITHE MAIDIR LE PLEAN STRUCHTÚRACH FIOSCACH MEÁNTÉARMACH NÁISIÚNTA NA hÍSILTÍRE

(6) An 15 Deireadh Fómhair 2024, rinne an Ísiltír a plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a thíolacadh don Chomhairle agus don Choimisiún. Rinneadh an tíolacadh tar éis síneadh a chur leis an sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún i bhfianaise na gcúiseanna a sholáthair an Ísiltír.

An próiseas sula gcuirtear an plean isteach

(7) Sular tíolacadh a plean, d'iarr an Ísiltír faisnéis theicniúil ([5]), a chuir an Coimisiún ar fáil an 21 Meitheamh 2024, agus a d'fhoilsigh sé an 15 Deireadh Fómhair 2024 ([6]). Léirítear san fhaisnéis theicniúil leibhéal an phríomhchomhardaithe struchtúraigh in 2028 is gá chun a áirithiú go gcoinneofar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI sa mheántéarma agus go bhfanfaidh an t-ollfhiachas rialtais faoi bhun 60 % de OTI sa mheántéarma, in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin 4 bliana. Sainmhínítear an meántéarma mar an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. Ullmhaíodh agus tarchuireadh an fhaisnéis theicniúil chuig an mBallstát sa dá chás seo a leanas: cás lena n-áirítear comhsheasmhacht leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh ([7]), i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2024/1263, agus cás gan an choimirce sin. Leagtar amach san fhaisnéis theicniúil le haghaidh na hÍsiltíre, gur cheart, chun na rialacha fioscacha is infheidhme a chomhlíonadh le linn na tréimhse coigeartúcháin 4 bliana, agus bunaithe ar thoimhdí an Choimisiúin atá mar bhonn taca faoin treoraíocht a tarchuireadh roimh ré i mí an Mheithimh 2024, gur cheart 0,1 % de OTI ar a laghad a bheith sa chomhardú príomha struchtúrach ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028); cás gan an beart coimirce maidir le hathléimneacht easnaimh), de réir an tábla seo a leanas. Mar eolas, agus an choimirce athléimneachta easnaimh á cur san áireamh freisin, ba cheart 0,1 % de OTI ar a laghad a bheith sa chomhardú príomha struchtúrach ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028). Mar sin féin, ní ceanglas é an choimirce athléimneachta easnaimh le haghaidh na hÍsiltíre, tír atá incháilithe d'fhaisnéis theicniúil.

Tábla 1: Faisnéis theicniúil arna soláthar ag an gCoimisiún don Ísiltír

Bliain deiridh na tréimhse coigeartúcháin	2028
Luach íosta an chomhardaithe phríomha struchtúraigh (% de OTI), an cás gan an choimirce athléimneachta easnaimh	0,1
Le haghaidh faisnéise amháin: Luach íosta an chomhardaithe phríomha struchtúraigh (% de OTI), an cás leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh	0,1

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

([5]) Cuimsítear leis an treoraíocht a tugadh roimh ré do na Ballstáit agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais faisnéis theicniúil (i) le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus gan síneadh léi (lena gcumhdaítear 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach) agus (ii) le coimirce athléimneachta easnaimh agus gan í. Cuimsítear inti freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na toimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Ríomhadh an chonair thagartha ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear i dTuarascáil Faireacháin an Choimisiúin ar *Inbhuanaitheacht Fiachais 2023* (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-sustainability-monitor-2023_ga). Is ar Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún Eorpach agus ar a síneadh meántéarmach suas le 2033 atá sé bunaithe, agus tá fás fadtéarmach OTI agus na costais aosaithe i gcomhréir le Tuarascáil chomhpháirteach 2024 ar an Aosú ón gCoimisiún agus ón gComhairle (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_ga).

([6]) https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/national-medium-term-fiscal-structural-plans_en#netherlands.

([7]) Bunaítear leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh a bhunaítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1263 go bhfuil an feabhas bliantúil ar an gcomhardú príomha struchtúrach cothrom le 0,4 pointe céatadáin de OTI (nó 0,25 pointe céatadáin de OTI i gcás síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin) go dtí go mbeidh an t-easnamh struchtúrach níos ísle ná 1,5 % de OTI.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an Ísiltír agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2024. Bhí an t-idirphlé dírithe ar an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe ag an Ísiltír agus ar na toimhdí bunúsacha a bhaineann léi, chomh maith leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe a thabhairt i gcrích lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais maidir leis an aistriú cóir glas agus digiteach, an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh agus méadú na gcumas cosanta.

(9) De réir na faisnéise a chuir an Ísiltír ar fáil ina plean, níor tharla próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha (lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta) sular cuireadh isteach é mar a fhoráiltear in Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2024/1263, i gcomhréir leis na forálacha idirthréimhseacha dá bhforáiltear in Airteagal 36(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1263.

(10) Thug an Chomhairle Stáit (mar an institiúid fhioscach neamhspleách de chuid na hÍsiltíre) tuairim ([8]) maidir leis an réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus na toimhdí maicreacnamaíocha atá mar bhonn taca faoin gconair ghlanchaiteachais ilbhliantúil. Tháinig an Chomhairle Stáit ar an gconclúid go meastar go gcomhlíonfaidh an t-airgeadas poiblí in 2024 agus 2025 luachanna na gConarthaí Eorpacha. Ach ní chomhlíonann an chonair ghlanchaiteachais sa phlean fioscach struchtúrach meántéarmach ceanglais an Rialacháin agus beidh ar an Ísiltír iarracht fhioscach a dhéanamh sa bhreis ar na bearta a thíolaic an rialtas sa dréachtbhuiséad le haghaidh 2025 chun cloí leis an Rialachán.

(11) Cuireadh dréacht den phlean faoi bhráid na parlaiminte náisiúnta an 17 Meán Fómhair 2024, in éineacht leis an dréachtbhuiséad le haghaidh 2025. Cuireadh plean athbhreithnithe faoi bhráid na parlaiminte náisiúnta an 14 Deireadh Fómhair 2024.

Próisis ghaolmhara eile

(12) Thíolaic an Ísiltír a Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025 an 15 Deireadh Fómhair 2024. Ghlac an Coimisiún tuairim maidir leis an Dréachtphlean Buiséadach sin an 26 Samhain 2024 ([9]).

(13) An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an Ísiltír go bhfuil sí thíos le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Go háirithe, tá leochaileachtaí roimh an Ísiltír a bhaineann le fiachas príobháideach ard i gcomhthéacs margadh tithíochta ró-luacháilte, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leis agus atá fós ábhartha d'ainneoin roinnt feabhsuithe ([10]).

(14) An 21 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Chomhairle sraith moltaí tírshonracha faoi bhráid na hÍsiltíre i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ([11]).

ACHOIMRE AR AN bPLEAN AGUS ANMEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN AIR SIN

(15) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean mar a leanas:

Comhthéacs: staid agus ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

(16) Tháinig méadú 0,1 % ar ghníomhaíocht eacnamaíoch san Ísiltír in 2023. Boilsciú ard agus an timpeallacht lag sheachtrach a chuir bac ar onnmhairí ba chúis leis an marbhántacht. De réir Réamhaisnéis Fhómhar 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh fás 0,8 % ar an ngeilleagar in 2024, de dhroim feabhsuithe ar fhíorphá a thacaíonn le tomhaltas príobháideach. Tiocfaidh méadú 1,6 % ar fhíor-OTI in 2025 agus méadú 1,5 % in 2026, le tacaíocht ó fhás leanúnach pá, ó bhoilsciú laghdaithe agus ó thimpeallacht sheachtrach fheabhsaithe a thacaíonn le trádáil. Le linn na tréimhse réamhaisnéise (i.e. 2024-2026), meastar go dtiocfaidh méadú 1,9 % ar OTI féideartha san Ísiltír in 2024, 1,7 % in 2025 agus 1,5 % in 2026, de réir mar a thitfidh an rannchuidiú saothair le fás féideartha ó 0,9 % in 2024 go 0,5 % in 2026. Ba é 3,6 % an ráta dífhostaíochta in 2023, agus réamh-mheasann an Coimisiún gurb é 3,7 % a bheidh ann in 2024 agus 3,8 % in 2025 agus 3,9 % in 2026. Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an mboilsciú (díbhoilsceoir OTI) ó 7,3 % in 2023 go 5,0 % in 2024, agus go sroichfidh sé 3,0 % in 2025 agus 2,3 % in 2026.

(17) Maidir le forbairtí fioscacha, in 2023 is é a bhí in easnamh rialtais ghinearálta na hÍsiltíre 0,4 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go sroichfidh sé 0,2 % de OTI in 2024 agus meastar go méadóidh sé go 1,9 % de OTI in 2025 agus, ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, meastar go méadóidh sé go dtí 2,4 % in 2026. Áirítear i Réamhaisnéis Fhómhar 2024 ón gCoimisiún Eorpach dréachtbhuiséad na hÍsiltíre le haghaidh 2025 a mhol an rialtas don pharlaimint náisiúnta i mí Mheán Fómhair 2024. Ba é 45,1 % de OTI an fiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2023. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go laghdóidh an cóimheas fiachais go 43,3 % de OTI ag deireadh 2024. Réamh-mheastar go méadóidh sé go 44,3 % de OTI ag deireadh 2025 agus 46,6 % ag deireadh 2026. Sna réamh-mheastacháin fhioscacha ón gCoimisiún, ní bhreithnítear na gealltanais bheartais sna pleananna meántéarmacha iontu féin go dtí go mbeidh bearta beartais coincréiteacha a fógraíodh go hinchreidte agus a sonraíodh go leordhóthanach mar bhonn taca leo.

([8]) Is féidir tuairim na Comhairle Stáit a fháil in Iarscríbhinn II den phlean.
([9]) Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na hÍsiltíre, 26.11.2024, C(2024)9062 final.
([10]) 'Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta', COM (2024) 600 final, Foscríbhinn 4.
([11]) Moladh ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2024 maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na hÍsiltíre.

Conair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean

(18) Le plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na hÍsiltíre cumhdaítear an tréimhse 2025–2028 agus cuirtear coigeartú fioscach i láthair thar thréimhse 4 bliana.

(19) Tá an fhaisnéis uile a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean.

(20) Tugtar gealltanas sa phlean i leith na conaire glanchaiteachais a léirítear i dTábla 2, a chomhfhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais 4,2 % i gcaitheamh na mblianta 2025-2028. Tá an fhaisnéis theicniúil (ag glacadh leis go bhfuil conair coigeartúcháin línigh ann) comhsheasmhach le meánfhás glanchaiteachais 3,2 % i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin (2025-2028). Tuairiscítear go n-eascraíonn comhardú príomha struchtúrach - 0,8 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028) as an gconair ghlanchaiteachais ar tugadh gealltanas ina leith sa phlean. Is ísle sin ná íosleibhéal an chomhardaithe phríomha struchtúraigh 0,1 % de OTI in 2028 a chuir an Coimisiún ar fáil san fhaisnéis theicniúil an 21 Meitheamh 2024 ([12]). Glactar leis sa phlean go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar fhás OTI féideartha ó 2,1 % in 2024 go 1,4 % in 2028. Ina theannta sin, tá coinne leis sa phlean go dtiocfaidh laghdú ar ráta fáis an díbhoilsceora OTI ó 5,1 % in 2024 go rátaí i bhfad níos ísle idir 2025 (2,7 %) agus 2028 (2,4 %).

Tábla 2: An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean na hÍsiltíre

	2024	2025	2026	2027	2028	Meánfhás i rith thréimhse bhailíochta an phlean 2025-2028
Fás glanchaiteachais (ar bhonn bliantúil, %)	6,9	6,8	3,5	2,1	4,3	4,2
Fás glanchaiteachais (ar bhonn carnach, ón mbonnbhliain 2023, %)	6,9	14,1	18,1	20,7	25,9	n/b
Fás OTI féideartha (%)	2,1	1,8	1,7	1,5	1,4	1,6
Boilsciú (fás díbhoilsceora OTI) (%)	5,1	2,7	2,6	2,6	2,4	2,6

Foinse: Plean fioscach struchtúrach meántéarmach na hÍsiltíre agus ríomhanna an Choimisiúin.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le fiachas rialtais ghinearálta

(21) Dá dtiocfadh an chonair ghlanchaiteachais a gealladh sa phlean agus na toimhdí bunúsacha chun cinn, thiocfadh méadú de réir a chéile ar fhiachas ginearálta an rialtais, de réir an phlean, ó 45,0 % de OTI in 2024 go 51,1 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin de réir an tábla seo a leanas. Tar éis an choigeartaithe, sa mheántéarma (i.e. go dtí 2038), meastar go dtrasnóidh an cóimheas fiachais luach tagartha an Chonartha de 60 % de OTI in 2033 de réir an phlean agus go sroichfidh sé 70,7 % in 2038.

Tábla 3: Forbairtí maidir le fiachas ginearálta an rialtais agus maidir le comhardú i bplean na hÍsiltíre

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2038
Fiachas rialtais (% de OTI)	45,1	45,0	46,7	49,7	50,1	51,1	70,7
Comhardú rialtais (% de OTI)	- 0,4	- 1,8	- 2,5	- 3,4	- 2,1	- 2,5	- 4,0

Foinse: Plean fioscach struchtúrach meántéarmach na hÍsiltíre.

([12]) Sa chás gan an choimirce athléimneachta easnaimh.

Dá bhrí sin, de réir an phlean, tá conair aníos leis an bhfiachas rialtais ghinearálta agus ní fhanfadh sé faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 60 % de OTI, sa mheántéarma. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean, níl sí comhsheasmhach leis na ceanglais maidir le fiachas mar a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (a), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir leis an gcomhardú rialtais ghinearálta

(22) Bunaithe ar chonair ghlanchaiteachais agus ar thoimhdí an phlean, mhéadódh easnamh ginearálta an rialtais ó 1,8 % de OTI in 2024 go 2,5 % in 2025, agus mhéadódh sé a thuilleadh go sealadach os cionn 3 % (3,4 %) in 2026 sula modhnófaí é go 2,1 % in 2027 agus ansin d'ardódh sé arís go 2,5 % in 2028. Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta an luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028). Mar sin féin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2038), sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI. Thrasnódh an t-easnamh rialtais luach tagartha an Chonartha de 3 % in 2029 agus ansin mhéadódh sé de réir a chéile go 4,0 % faoi 2038. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, níl an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an easnamh mar a leagtar amach in Airteagail 6, pointe (b), agus 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Straitéis fhioscach an phlean

(23) Áirítear sa phlean straitéis fhioscach tháscach a bhfuil sonraíocht bheacht na mbeart beartais ábhartha le deimhniú nó le coigeartú agus le cainníochtú sna buiséid bhliantúla, lena n-áirítear chun a áirithiú go gcuirfear an moladh seo ón gComhairle i gcrích. Déantar foráil i gcomhaontú comhghuaillíochta an rialtais don tréimhse ó 2024 go 2028 maidir le ciorruithe cánach ioncaim ag tús an tsainordaithe, a dhéantar a chúiteamh le méaduithe ar cháin bhreisluacha ar tháirgí áirithe in 2026 agus le ciorruithe caiteachais ar chabhair um fhorbairt, tuarastail san earnáil phoiblí agus tearmann, i measc nithe eile, i dtreo dheireadh an tsainordaithe. Sonraítear sa Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025 na bearta beartais trína mbainfear amach ráta fáis spriocdhírithe 6,8 % maidir le glanchaiteachas le haghaidh 2025 ([13]).

Cuspóirí athchóirithe agus infheistíochta sa phlean lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais

(24) Tugtar tuairisc sa phlean ar chuspóirí beartais a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí eile chun freagairt ar na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe na moltaí tírshonracha, lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Áirítear sa phlean liosta cuimsitheach de níos mó ná 70 athchóiriú agus infheistíocht lena dtugtar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais, a bhfaigheann 14 díobh tacaíocht airgeadais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

(25) Maidir leis an tosaíocht choiteann d'aistriú cothrom glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, áirítear sa phlean breis agus 20 athchóiriú agus infheistíocht, amhail an Clár Ilbhliantúil don Fhuinneamh agus don Bhonneagar Aeráide, cláir thaighde phoiblí phríobháideacha faoin Straitéis um an nGeilleagar Digiteach agus faoi Chiste Aeráide na hÍsiltíre, i measc nithe eile. Tugtar tuairisc sa phlean freisin ar bhearta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) chun dul i ngleic le plódú líonra, tógáil bonneagair fuinnimh agus taighde ar ríomhaireacht chandamach. Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa phlean tá sé beartaithe aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha chun iarrachtaí breise a dhéanamh ar mhaithe leis an talmhaíocht inbhuanaithe a eisíodh in 2022, 2023 agus 2024, chun an t-aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite a chothú, lena n-áirítear infheistíochtaí san eangach a eisíodh in 2019, 2022, 2023 agus 2024, chun infheistíochtaí, taighde agus nuálaíocht a chothú chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach a eisíodh in 2019, 2020 agus 2022 agus chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill iompair a eisíodh in 2019. Áirítear sa phlean athchóirithe agus infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha chun dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i mbonneagar líonra a eisíodh in 2022 agus 2023, chun dlús a chur leis na scileanna agus leis na hinniúlachtaí is gá don aistriú glas a eisíodh in 2023, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus chun dlús a chur le hinfheistíochtaí in iompar inbhuanaithe agus i dtalmhaíocht inbhuanaithe a eisíodh in 2022 agus 2023.

(26) Maidir le comhthosaíocht na hathléimneachta sóisialta agus eacnamaíche, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, áirítear sa phlean liosta cuimsitheach de bhreis agus 40 athchóiriú agus infheistíocht arna ngrúpáil faoi roinnt réimsí beartais amhail an margadh tithíochta, an t-oideachas, an cúram sláinte, pinsin, margadh an tsaothair agus cánachas. Áirítear cuid de na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, amhail árachas míchumais do dhaoine féinfhostaithe, athbhreithniú ar dhlí na bpinsean nó síneadh a chur le dianchúram. Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa phlean, tá sé beartaithe aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha chun laghdú a dhéanamh ar dhreasachtaí chun conarthaí solúbtha nó sealadacha a eisíodh in 2022, 2023 agus 2024 a úsáid, chun cosaint shóisialta leordhóthanach do dhaoine

([13]) Féach an Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na hÍsiltíre, 26.11.2024, C(2024)9062 final.

féinfhostaithe a chur chun cinn agus chun féinfhostaíocht bhréagach a eisíodh in 2019, 2020 agus 2022 a laghdú. Tá sé beartaithe freisin leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa phlean dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna, lena n-áirítear na deiseanna uas-scilithe agus athscilithe chun feabhas a chur ar bhunscileanna a eisíodh i ndiaidh a chéile ó bhí 2019 ann, agus chun an córas sláinte a eisíodh in 2020 a neartú. Faoin tosaíocht maidir le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, áirítear sa phlean athchóirithe agus infheistíochtaí ar an margadh tithíochta a bhfuil sé beartaithe leo aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha trí chlaontacht fiachais teaghlaigh a laghdú agus trí inacmhainneacht agus infhaighteacht tithíochta sa mhargadh cíosa príobháideach a áirithiú, dhá mholadh a díríodh ar an Ísiltír i mblianta as a chéile ó bhí 2019 ann, agus trí dheireadh a chur le bacainní ar thógáil chónaithe a eisíodh in 2023 agus 2024.

(27) Maidir le comhthosaíocht na slándála fuinnimh, áirítear sa phlean athchóirithe a chuireann le slándáil fuinnimh trí reachtaíocht chun feabhas struchtúrach a chur ar shlándáil an tsoláthair gáis agus ar na hoibleagáidí coigiltis fuinnimh do chuideachtaí agus d'institiúidí, i measc nithe eile. Tugtar tuairisc sa phlean freisin ar an rún beartais bearta a chur chun feidhme chun athléimneacht a neartú trí spleáchais ar amhábhair chriticiúla a laghdú agus borradh a chur faoi mhonarú teicneolaíochtaí glan-nialasachta. Áirítear cuid de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta chun dul i ngleic le plódú líonra, chun an creat rialála do chórais fuinnimh gáis agus leictreachais a thabhairt cothrom le dáta agus chun úsáid teicneolaíochtaí hidrigine glaise a chothú. Tá sé beartaithe leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa phlean aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha chun an t-aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite a chothú, lena n-áirítear infheistíocht ar an eangach a eisíodh in 2019, 2022, 2023 agus 2024 agus chun dul i ngleic le scrogaill iompair a eisíodh in 2019. Áirítear sa phlean athchóirithe agus infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha, a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a mhéid a mholtar iontu infheistíochtaí a mhéadú in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bonneagair líonra a eisíodh in 2022 agus 2023, éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus iompar inbhuanaithe a eisíodh in 2022, agus chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a eisíodh in 2022 agus 2023 a laghdú.

(28) Maidir le comhthosaíocht na gcumas cosanta, áirítear sa phlean sraith infheistíochtaí atá le cur chun feidhme idir 2024 agus 2028 arb éard atá iontu trealamh a fháil, bonneagar réadmhaoine a athnuachan, lena n-áirítear chun a inbhuanaitheacht a áirithiú, agus bonneagar oirbheartaíochta TF a nuachóiriú agus a athsholáthar.

(29) Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir leis an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, maidir leis an gcomhlántacht le plean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre. Comhlánaíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a leagtar amach sa phlean roinnt gníomhaíochtaí a rinneadh faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn freisin le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Tá na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua sa phlean comhsheasmhach leis na bearta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. Mar shampla, rannchuidíonn an pacáiste um athchóiriú ar an margadh fuinnimh a áirítear i gcaibidil REPowerEU le haistriú cothrom glas agus digiteach, chomh maith le slándáil fuinnimh, agus rannchuidíonn na bearta maidir le pleanáil láraithe chun an soláthar tithíochta a mhéadú agus chun an córas sláinte sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a neartú le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch.

(30) Is é is aidhm don phlean rannchuidiú chun riachtanais infheistíochta poiblí na hÍsiltíre a bhaineann le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais a chomhlíonadh. Maidir leis an gcomhthosaíocht a bhaineann le haistriú cothrom glas agus digiteach, is ionann na hinfheistíochtaí a leagtar amach sa phlean agus thart ar EUR 43 bhilliún. Maidir le comhthosaíocht na hathléimneachta sóisialta agus eacnamaíche, déantar foráil sa phlean maidir le riachtanais infheistíochta arb ionann iad agus EUR 10 mbilliún faoi infheistíocht tithíochta, faoi infheistíocht sa i margadh an tsaothair agus faoi infheistíocht a bhaineann le cúram. Maidir leis an gcomhthosaíocht slándála fuinnimh, leagtar amach sa phlean athchóirithe den chuid is mó, ach beartaítear leis riachtanais infheistíochta EUR 300 milliún chun teicneolaíochtaí hidrigine glaise a chur in úsáid, a chumhdaítear go páirteach leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta. Faoi chomhthosaíocht na gcumas cosanta, is ionann na riachtanais infheistíochta a leagtar amach sa phlean agus EUR 55 bhilliún.

Conclúid an mheasúnaithe ón gCoimisiún

(31) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim nach gcomhlíonann plean na hÍsiltíre ceanglais Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263 i bhfianaise easpa comhsheasmhachta chonair ghlanchaiteachais an phlean le ceanglais fiachais agus easnaimh an Rialacháin sin. Luaitear an méid seo a leanas sa phlean: *'Má mheasann an Coimisiún agus an Chomhairle nach bhfuil an chonair ghlanchaiteachais atá beartaithe ag an Ísiltír i gcomhréir leis an Rialachán, tarscaoilfidh an Ísiltír a ceart plean athbhreithnithe a thíolacadh dá bhforáiltear in Airteagal 18 den Rialachán agus tuigeann sí go bhféadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún ar bhonn na faisnéise teicniúla arna soláthar ag an gCoimisiún, conair chaiteachais a mholadh faoi Airteagal 19 den Rialachán. Measann an rialtas gur cur chun feidhme cuí na rialacha fioscacha Eorpacha é moladh maidir le conair chaiteachais ar bhonn na faisnéise teicniúla.'* Agus é á chur san áireamh nach bhfuil sé beartaithe ag an Ísiltír plean athbhreithnithe a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2024/1263, tá an chonair ghlanchaiteachais le moladh i gcomhréir le hAirteagal 19 den Rialachán sin bunaithe ar fhaisnéis theicniúil an Choimisiúin a soláthraíodh an 21 Meitheamh 2024.

CONCLÚID FHORIOMLÁN ÓN gCOMHAIRLE

(32) Tugann an Chomhairle dá haire plean fioscach struchtúrtha meántéarmach na hÍsiltíre, lena n-áirítear tarscaoileadh na hÍsiltíre maidir leis an gceart plean athbhreithnithe a thíolacadh, agus measann sí go gcabhródh cur chun feidhme iomlán an mholta ón gComhairle le hairgeadas poiblí fónta a áirithiú agus le tacú le hinbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí chomh maith le fás inbhuanaithe cuimsitheach.

(33) Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ar an bplean. Mar sin féin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a mheasúnú ar phleananna amach anseo a chur i láthair i ndoiciméad ar leithligh ó na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí ón gComhairle.

(34) Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ar an gconair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean, lena n-áirítear i ndáil leis an réamhthreoir ón gCoimisiún, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le conair ghlanchaiteachais an phlean d'easnamh agus fiachas rialtais. Tugann an Chomhairle dá haire na rioscaí a bhaineann leis an ionchas. Go háirithe, is díol sásaimh don Chomhairle freisin go ndeachthas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha sular tíolacadh an plean. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhféadfadh rioscaí geopholaitiúla brú a chur ar chaiteachas cosanta.

(35) Tá an Chomhairle ag súil go mbeidh an Ísiltír faoi réir chun a straitéis fhioscach a choigeartú de réir mar is gá chun an chonair ghlanchaiteachais mholta a áirithiú. Tá rún daingean ag an gComhairle dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus fioscacha, lena n-áirítear iad siúd is bonn le cás an phlean.

(36) Measann an Chomhairle go bhfuil gá le tuilleadh plé chun teacht ar chomhthuiscint maidir leis na himpleachtaí bliantúla faireachais a bhaineann leis na rátaí fáis carnacha glanchaiteachais in am don chéad bhabhta eile den fhaireachas fioscach.

(37) Tugann an Chomhairle dá haire an tuairisc ón gCoimisiún ar na riachtanais agus na rúin infheistíochtaí agus athchóirithe a fhreagraíonn ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin i gcrích. Déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascálacha a thíolacfaidh an Coimisiún, measúnú ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin agus déanfaidh sí faireachán ar a gcur chun feidhme faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.

(38) Tá an Chomhairle ag tnúth leis na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ón Ísiltír ina mbeidh, go háirithe, faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na conaire glanchaiteachais mar a leag an Chomhairle síos í, agus faoi chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí níos leithne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(39) Ar bhonn an mheasúnaithe ón gCoimisiún, ba cheart don Chomhairle a mholadh don Ísiltír tarscaoileadh na hÍsiltíre ar a ceart plean athbhreithnithe a chur isteach faoi Airteagal 18 agus i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/1263, an chonair ghlanchaiteachais bunaithe ar an bhfaisnéis theicniúil a chuir an Coimisiún ar fáil an 21 Meitheamh 2024.

AG MOLADH LEIS SEO don Ísiltír:

1. a áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Eanáir 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis glanchaiteachais
(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)

An Ísiltír

Blianta		2025	2026	2027	2028
Rátaí fáis (%)	Bliantúil	3,5	3,3	3,0	3,0
	Carnacha (*)	10,4	14,0	17,5	21,0

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2023. Úsáidtear na rátaí fáis carnacha san fhaireachán bliantúil ar chomhlíonadh *ex post*sa chuntas rialaithe.